Roinn 2

## Colgáin sa Mheánmhuir

*Airteagal 20*

### Soithí údaraithe chun díriú ar cholgáin Mheánmhuirí

1. Déanfaidh na Ballstáit údaruithe a eisiúint, i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos i Rialachán maidir le cabhlaigh iascaireachta sheachtracha a bhainistiú go hinbhuanaithe [1] chun díriú ar cholgáin Mheánmhuirí.

2. Faoin 8 Eanáir gach bliain, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas a sheoladh chuig an gCoimisiún san fhormáid a leagtar síos sna Treoirlínte maidir le sonraí agus faisnéis a éilíonn ICCAT a thíolacadh:

(a) liosta soithí gabhála a bhfuil a mbratach ar foluain orthu agus atá údaraithe díriú ar cholgáin Mheánmhuirí;

(b) liosta soithí gabhála atá údaraithe acu díriú ar cholgáin Mheánmhuirí i gcúrsa iascach áineasa.

3. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 2 ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT faoin 15 Eanáir gach bliain.

4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, gan mhoill agus laistigh de 30 lá ar a dhéanaí faoi aon bhreisiúchán, aon scriosadh nó aon mhodhnú a dhéantar ar liostaí soithí dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 2. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a sheoladh chuig Rúnaíocht ICCAT gan mhoill agus ar a laghad laistigh de thréimhse 45 lá tar éis dháta an bhreisiúcháin ar na liostaí sin, a scriosta nó an mhodhnaithe orthu.

*Airteagal 21*

### Foghabháil

Na soithí gabhála de chuid an Aontais nach bhfuil san áireamh sa liosta dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 20(2), ní bheidh siad údaraithe colgáin a ghabháil, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a iompar, a phróiseáil nó a thabhairt i dtír más mó ná 5 % den ghabháil iomlán ar bord iad ar bhonn meáchain agus/nó an lín píosaí.

*Airteagal 22*

### Údarú iascaireachta speisialta

1. Na soithí gabhála de chuid an Aontais atá san áireamh sa liosta dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 20(2) agus a úsáideann harpúin nó spiléir, beidh údarú iascaireachta speisialta acu.

2. Faoin 30 Meithimh gach bliain, déanfaidh na Ballstáit liosta na n-údaruithe dá dtagraítear i mír 1 agus a seachadadh sa bhliain roimhe sin a sheoladh go leictreonach chuig an gCoimisiún. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT faoin 31 Iúil gach bliain.

*Airteagal 23*

### Séasúir iata le haghaidh iascaireachta

1. Ní dhéanfar colgáin Mheánmhuirí a ghabháil (mar spriocspeiceas nó mar fhoghabháil), a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír le linn na dtréimhsí ón 1 go 31 Márta agus ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 30 Samhain gach bliain.

2. Déanfaidh na Ballstáit faireachán ar éifeachtacht an iaimh agus seolfaidh siad gach faisnéis ábhartha chuig an gCoimisiún faoin 15 Lúnasa gach bliain maidir le rialuithe agus cigireachtaí iomchuí a rinneadh chun a áirithiú go gcomhlíontar mír 1. Seolfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT 2 mhí ar a laghad roimh chruinniú bliantúil ICCAT.

*Airteagal 24*

### Íosmhéid le haghaidh colgáin Mheánmhuirí

1. Ní féidir ach eiseamail iomlána colgán a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír nó a iompar, is é sin le rá gan aon chuid de bhaill coirp an éisc a bheith bainte de nó gan é a bheith geolbhaithe agus glanta.

---

[1] Uimhir nós imeachta 2015/0289 (COD), nár foilsíodh fós san Irish Oifigiúil.

| Fine | An t-ainm Laidine | An t-ainm Gaeilge |
|---|---|---|
| *Lamnidae* | *Isurus oxyrinchus* | Siorc mácó biorshrónach |
| | *Lamna nasus* | Craosaire |
| *Sphyrnidae* | *Sphyrna* spp. | Siorcanna ceann casúir |
| *Coryphaenidae* | *Coryphaena hippurus* | Doráid |

*IARSCRÍBHINN VI*

**CEANGLAIS MHIONSONRAITHE MAIDIR LE SCAOILEADH SAOR TURTAR MARA**

Maidir le cleachtais láimhseála sábháilte:

(i) Nuair atáthar chun turtar mara a bhaint as an uisce, bainfear úsáid as cliabhán ardaithe nó cochall chun na turtair mhara a bhfuil duán iontu nó atá i bhfostú sa trealamh a thabhairt ar bord. Ní úsáidfear dorú atá ceangailte de chorp turtair mhara, nó a bhfuil corp turtair mhara imithe i bhfostú ann, chun an turtar a tharraingt as an uisce. Mura féidir an turtar mara a thógáil as an uisce go sábháilte, is ceart don chriú an dorú a ghearradh chomh gar agus is féidir don duán, gan aon díobháil bhreise neamhriachtanach a dhéanamh don turtar mara.

(ii) I gcás ina dtógtar ar bord turtair mhara a ghabhtar nó atá imithe i bhfostú sa trealamh, déanfaidh oibreoirí soithigh nó criú riocht na dturtar mara a mheas sula scaoilfear saor iad. Coinneofar ar bord a mhéid is féidir na turtair mhara a bhfuil deacrachtaí acu bogadh nó atá marbhánta agus tiocfar i gcabhair orthu i gcaoi a thabharfaidh a oiread seans agus is féidir dóibh teacht slán sula scaoilfear saor iad. Tá tuilleadh eolais faoi na cleachtais sin i dTreoirlínte EBT maidir le ráta báis na dturtar mara a laghdú in oibríochtaí iascaireachta.

(iii) Déanfar na turtair mhara a láimhseáiltear le linn oibríochtaí iascaireachta nó mar chuid de chláir breathnóirí náisiúnta (mar shampla, gníomhaíochtaí clibeála), déanfar iad a láimhseáil, a mhéid is féidir, i gcomhréir le Treoirlínte EBT maidir le ráta báis na dturtar mara a laghdú in oibríochtaí iascaireachta.

Maidir le húsáid gearrthóirí dorú:

(i) Iomprófar gearrthóirí dorú ar bord soithí spiléir agus úsáidfear iad nuair nach féidir an duán a bhaint as na turtair mhara gan díobháil a dhéanamh dóibh, agus iad á scaoileadh saor.

(ii) Iomprófar gearrthóirí dorú ar bord soithí de chineálacha eile a mbíonn trealamh in úsáid acu ina bhféadfadh turtair mhara dul i bhfostú ann agus úsáidfear na huirlisí sin chun an trealamh a bhaint go sábháilte agus na turtair mhara a scaoileadh saor.

Maidir le húsáid uirlisí bainte duáin:

(i) Iomprófar uirlisí bainte duáin ar bord soithí spiléir chun duáin a bhaint go héifeachtach as turtair mhara.

(ii) Má shlogann an turtar duán siar, ní dhéanfar aon iarracht an duán a bhaint. Ina ionad sin, ní mór an dorú a ghearradh chomh gar agus is féidir don duán gan aon díobháil bhreise neamhriachtanach a dhéanamh don turtar mara.

